Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7863/26**

**CDR 56**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. I litir dar dháta an 21 Eanáir 2026[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Egbert VAN DIJK, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 5630/26.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Egbert VAN DIJK, mhol rialtas na hÍsiltíre[2] Henk EMMENS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Gedeputeerde, Lid van Gedeputeerde Staten van de provincie Drenthe* (Aire Réigiúnach chúige Drenthe), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 7864/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 7885/26.